**Preasráiteas**

**www.logainm.ie**
**Fuaim le logainmneacha Chontae na Mí**

Is féidir le cuairteoirí ar www.logainm.ie éisteacht anois le comhaid fuaime atá curtha le 339 logainm i gContae na Mí. Cuireadh comhaid fuaime i nGaeilge agus i mBéarla le hainmneacha na mbarúntachtaí, na bparóistí dlí agus na dtoghrann, chomh maith le hainmneacha roinnt gnéithe fisiciúla. Tá ainmneacha na mbailte fearainn atá sa Ghaeltacht san áireamh freisin. Tá comhaid fuaime ag gabháil cheana le logainmneacha i gContaetha Phort Láirge, na Gaillimhe, Dhún na nGall, Chiarraí, Thiobraid Árann, Lú, Liatroma agus Luimní. Pádraic Mac Craith as Ráth Chairn a chuir fuaim le logainmneacha na Mí.

Is suíomh Gréasáin poiblí é www.logainm.ie a chuireann an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar 100,000 éigin bailte, sráideanna agus oifigí poist ar fud na tíre ar fáil don phobal. Mheall an suíomh Gréasáin logainmneacha 3.5 milliún amas ó seoladh é go hoifigiúil ar 1 Deireadh Fómhair 2008. Faoin leagan Béarla is coitianta a dhéantar an cuardach. Is é *Dublin* an logainm is mó cuardach go dtí seo (1,052 cuardach), is é *Cork* an dara ceann is coitianta (661), agus tá *Blackrock* sa tríú háit (656). Tá *Ballina* sa cheathrú háit, le 638 cuardach. Is iad na logainmneacha is mó cuardach i gContae na Mí go dtí seo ná *Kells* le 537 cuardach, *Navan* le 430, *Trim* le 313 agus *Ashbourne* le 281 cuardach.

Is féidir le mic léinn, múinteoirí, iriseoirí, aistritheoirí agus aon duine eile a bhfuil leagan údarásach uaidh de logainm, teacht ar an eolas go héasca anois trí chuardach a dhéanamh ar www.logainm.ie. Tá an suíomh ina ábhar spéise, chomh maith, acu siúd ar fud an domhain a chuireann suim in oidhreacht, i gcultúr agus i dtíreolaíocht na hÉireann.

Dúirt an tAire Pat Carey: "Is cúis áthais dom go bhfuil ag éirí go han-mhaith le logainm.ie. Léiríonn an líon mór amas go bhfuil tóir an-mhór ar an tseirbhís seo. Táim cinnte go gcuirfidh na hacmhainní nua seo go mór leis an suíomh agus go mbainfidh a lucht úsáide an-tairbhe astu."

Leanfar den obair ar www.logainm.ie agus cuirfear tuilleadh logainmneacha, comhad fuaime agus áiseanna idirghníomhacha leis an suíomh.

Tá www.logainm.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.